

Comhlacht Calaphort na Sionainne agus Fhainge

**(Comhlacht cuideachta faoi theorainn scaireann,
agus fochuideachta gnótha)**

**Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitís Chomhdhlúit
Airgeadais**

Bliain dár críoch 31ú Nollaig, 200

Comhlacht Calaphort na Sionainne agus Fhainge
(Comhlacht cuideachta faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóth

Tuairisc Bhliantuil agus Ráitís Airgeadais Chomhdhlúite 2007

Clár

Leathanach

Stiúrthoirí agus eolais eile	2
Tuairisc na Stiúrthoirí	3 - 5
Ráiteas an Chathaoirleact	6 - 8
Tuairisc Corparáideach Rialtais	9 - 10
Athbhreithniú Gnó agus Oibrí	11 - 13
Tuairisc Neamhspleach na Fíniúcháirí	14 - 15
Polasaí Cuntasaíochta	16 - 17
Cuntas Chomhdhlúite Brabús agus Caillteanai	18
Ráiteas Chomhdhlúite do aitheantas iomlán Brabach agus Easnamh	19
Clár Comhardaithe Comhdhlúite	20
Clár Comhardaithe an Clomhlachta	21
Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid	22 - 23
Notaí do na Ráitís Airgeadais	24 - 37

Comhlacht Calaphort na Sionainne agus Fhainge
(Comhlacht cuideachta faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóth
Stiúrthóirí agus Eolas Eile

Bord

C. Mac Suibhne (Cathaoirleach)
C. ó'hAnluain (Leas Cathaoirleach)
S. Ní Bholgúir
P. ó'Catháin
J. ó'Dondúin
J. ó'Gríofa
G. ó' Riada
I. ó 'Treasaiigh
E. Mac Sheoinín
R. Nic an Oirchinnig
D. Neachtáin

Rúnaí agus Oifig Cláraithe

P. ó'Loinsigh
Oifig an Chaladr
Faing
Co. Luimní

Uimhir Cláraithe: 332414

Iniúcháirí Neamhspleact

Grant Thornton

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
Teach an Mhuilleani
Sráid Anraí
Luimneach

Bainistíocht

P. ó'Céitinn	Ard Stiúrthóir Sealadact
M. ó'Muireasa	Bainisteoir Trachtála
P. ó'Loinsigh	Bainisteoir Riaracháir
A. ó'Cochláin	Bainisteoir an Cuair
S. Carlton	Bainisteoir Innealtóireacht agus Seirbhísí Cuain

Dlíodóirí

Holmes O'Malley Sexton

Geata an Easpaig
Sráid Anraí
Luimneach

Harrison O'Dowd

98 Sráid Anraí
Luimneach

Baincéirí

Allied Irish Bank Plc

Príomhshráid
Faing
Co. Luimní

Banc na hEireann

125 Sráid Uí Chonail
Luimneach

Anglo Irish Bank

98 Sráid Anraí
Luimneach

Bank of Scotland

Sráid Anraí
Luimneach

Achtuire

Invesco Teo.

4 Banc an Dheisceart na Croise
Faiche na Croise
Corcaigh

Comhlacht Calaphort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht cuideachta faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóth

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá pléisiúr ag na stiúrthóirí a tuarascáil bhliantúil a chuir isteach chuig na scairshealbhóirí chomh maith le Ráiteá Iníuchadh Comhdhlúite Airgeadais don bhliain dar críoch 31, mí na Nollag, 200

Cúram na Stiúrthóirí do na Ráitéis Airgeada

Téastaíonn uaidh dlí na gcuideachtaí na hÉireann go t-ullmhóidh na stiúrthóirí ráitéis airgeadais i gcóir gacl bhlian airgeadais rud a thugann tuairm cruinn agus fíor dúinn ar ghnó na gcomhlachtaí agus don ghrúpa cho maith le brabús nó cailteanas an chomhlacht agus an ghrúpa don tréimh ama sin. Nuair a bhíonn na ráitéis airgeadais á n-ullmhú acu, tá ar na stiúrthóir

- Beartais cuntasaíochta feiliúnach a roghnú agus iad a chuir i bhfeidhm go seasmhac
- Breithiúnas a dhéanamh ar meastacháin atá ceart and cói
- Ráitéis Airgeadais a ullmú ar an mbun chúram mura féidir glacadh leis go bhfuil an comhlacht agus a grúpa chun leanacht ar aghaidh i ngnó

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair na cuntaisí a beith in eagar le nochtadh agus le cruinneas in aon am bhfuil cúrsaí airgeadais anchomhlacht agus an ghrúpa agus chun ligeann dóibh go bhfuil na ráitéis airgeada ullmhaithe i ngleic le caighdeán cuntasaíocht a ghlactar leis de ghnáth in Éirinn agus atá de réir Acht Comhlacht na hÉireann 1963 to dtí 2005, agus an Comhphobal Eorpach (omhlachtaí: Grúpachuntas) Rialacháin, 1992. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní an chomhlacht agus an ghrúpa a chosaint chomh maith céimeanna feiliúnach a thógáil as an chosaint agus ar lorgaireacht ar chaimiléireacht nó aon ghníomh miria eile.

Leabhair na gCuntas

Na céimeanna atá togha ag na stiúrthóirí chun aontú daingean a bheith acu ó thaobh dualgais leabhair gcuntas a choiméad tré córas agus gnáthamh agus tré fostaí éifeachtach a chuir ar fail. Coiméadtar leabhair gcuntas ag Teach an Mhuileann, Faing, Co. Luimn

Rialiú Corparáideacl

Tá geall ar an gcomhlacht le cód cleachtadh do rialiú na Comhlachtaí Stáit. Tá iniuchóirí inmhéanach fostaitt mar chuid den chúrsa. Tá tuarascáil ar leith ar rialiú corparáideach leagtha amach leathanaigh 9-10

Acht Íocaíocht Prás do Chuntaisí, 1997

Is é polasaí an chomhlacht agus an ghrúpa ná comhlíonadh de réir an dlí ó thaobh-ábhair de réir na tearmaí atá leagtha síos in Acht Íocaíocht Prás de Chuntaisí, 1997

Gníomhachtaí Prionsabai

Is é aidhm ghnó an ghrúpa ná cabhrú le gluaiseacht na-earraí agus le eolas na freastalaí a thuairsciú thríc Inbhear na Sionainne. Le seo in intinn, cruthaíonn an grúpa bonneagar, áiseanna, seirbhísí agus loistíí theastaíonn chun freastal chun na hearí a aistriú go héifeachtúil idir an iompar talamh agus farraige. Tá an-airgeadas atá nascaithe le soláthar, na haiseanna forbartha ó tháillí soitheach agus earraí stíobheadóireacht, cí agus seirbhísí coimhdeach atá tugtha

Athbhreithniú an Ghno

Tá athbhreithniú ar fheidhmiú an ghrúpa leagtha síos ar leathanach 13.

Comhlacht Calaphort na Sionainne agus Fhainge
(Comhlacht cuideachta faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóth

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lear

Forbairt sa Todhchaí

Tá straitéis an ghrúpa dírithe ar fhorbairt a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí in Inbhear na Sionainne agus leanó sé seo ar aghaidh ins na blianta atá le teach

Clár Iar-Chomhardaithe na hImeachta

Ní raibh aon mó-imeachtaí a chuir isteach ar an ghrúpa ó dheireadh bhliana

Torthaí agus Díbhinn

Taispeánann an cuntas consólaithe torthaí an ghrúpa ar bhrabús agus cailiteanas don bhliain atá caite leathanach 18. Tá soláthar dleathach gan choinne tugtha san aireamh i gcoistais eigeachtúil don bliain. Tháinig na costais seo os comhair an Chomhlacht le deanai

Ní mholann na stiúrthóirí íocaíocht ar dhíbhinn

Instealladh Chaipiteal

Sheas sé seo don difríocht a bhí idir luach glan na sóchmhainní tógtha ar lámh ar Lá Dílseacháin (17 Me Fómhair 2000) agus ar an scairchaipiteal eisithe ag an am sin

Thug na scairshealbhóirí síntiús de €3,809,214 do ghnáth scaireanna do €1.269738 an duine i rith an bhliain a caite 2001.

Roinneadh scaireanna de réir an suim airgid i rith an bhliain a chríochnaigh 31 mí na Nollag 2002 mar seo leanas: -

3,047,371 gnáth scaireanna ar €1.25 an ceann

Ina bhreis bhí 11,246,513 gnáth scaireanna ar €1.25 an ceann eisithe amach as an instealladh chaipiteal mar bhí ar 31 mí na Nollag 2001

Stiúrthóir

Tá ainneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí ag am ar bith i rith an bhliain dár chríoch 31 Nollag 2007 luaighte thíos. Mura bhfuil tugtha le fios, ciallaíonn sé gur oibrigh siad mar stiúrthóir don bhliain ar fe

- C. Mac Suibhne (tréimhse caite 24 Aibreáin 2007, athcheaptha 22 Lúnasa 2007)
- B. O'Broin (éirí as 23 Mí na Samhain 2007)
- S. Ó Bolgúir (tréimhse caite 24 Aibreáin 2007, athcheaptha 13 Meitheamh 2007)
- K. Ó Siocháin (tréimhse caite 2 Márta 2007)
- P. Ó Catháin (tréimhse caite 2 Márta 2007, athcheaptha 27 Márta 2007)
- J. Ó Dondúin (tréimhse caite 24 Aibreáin 2007, athcheaptha 13 Meitheamh 2007)
- J. Ó Gríofa (tréimhse caite 24 Aibreáin 2007, athcheaptha 13 Meitheamh 2007)
- M. Ó Laocha (tréimhse caite 24 Aibreáin 2007)
- K. Ó hAnluain (tréimhse caite 2 Márta 2007, athcheaptha 27 Márta 2007)
- N. Ó Suilleabháin (tréimhse caite 24 Aibreáin 2007, athcheaptha 13 Meitheamh 2007, éirí as 31 Iúil 2007)
- G. Ó Riada (tréimhse caite 16 Iúil 2007, athcheaptha 29 Lúnasa 2007)
- J. Ó Treasaigh (tréimhse caite 16 Iúil 2007, athcheaptha 29 Lúnasa 2007)
- E. Mac Sheoinín (ceaptha 10 Deireadh Fómhair 2007)
- R. Nic An Airchinnigh (ceaptha 10 Deireadh Fómhair 2007)
- D. O'Neachtáin (ceaptha 27 Márta 2007)

De réir na hairteangail an chomhlachas fanann na stiúrthóirí in oifí

Comhlacht Calaphort na Sionainne agus Fhainge
(Comhlacht cuideachta faoi teorainn scaireanna) agus fochuideachta gnótha

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lear

Suimeanna na Stiúrthóirí agus na Rúnaith

Nil aon suim tairbheach ag na stiúrthóirí nó ag an runaí, ina measc suimeanna an chlann, i s-chaipiteal an chomhlacht nó Comhlachtaí Fochuideachta ar 31 mí na Nollag 2006 agus 31 mí na Nollag 2007.

Taighde agus Forbair

Tá an grúpa ceangailte le taighde agus le forbairt chun tairbhe an chustaiméir agus na timpeallacht.

Fochuideachta

An t-eolas a theastaíonn ó Rannóg 158 (1) do Acht na gComhlachtaí 1963 tá sé ar fáil i nóta 11 do na Ráitéis Airgeadais.

Iníúchóir

Leanóidh na hIníúchóirí i Grant Thornton ar aghaidh agus fanfaidh siad in oifig de réir Rannóg 160 (2) do Acht na gComhlachtaí, 1963.

Stad Duganna Luimní Soithech Stóráil Teoranta ag trádail i mhí Mheán Fomhair 2007.

Ráitéis Airgeadais a chinnti

Chéadaigh na stiúrthóirí na Ráitéis Airgeadais ar an 7ú lá de Mhí Aibreann 2008.

Thar ceann an Bhoird

Ciarán Mac Suibhne
Stiúrthóir

Daithí O'Neachtáin
Stiúrthóir

Dáta : 7ú Aibreann 2008

Comhlacht Calaphort na Sionainne agus Fhainge **(Comhlacht cuideachta faoi theorainn scaireanna) agusochuideachta gnóthas**

Ráiteas an Chathaoirleach

Tá áthas orm tuarascáil bhliantúil 2007 na Cuideachta a chur i láthair. Ó thaobh oibriúcháin de, ba bhliain thar na bearta arís eile í don Chuideachta, agus tréchur lastais de 11.1 milliún tona agus láimhdeachas de €12.7 milliún aici. B'ionann an tréchur lastais ag saoráidí na Cuideachta féin ag Faing agus buaicmhéid nua a bhí breis is 1.8 milliún tona don bhliain, agus bhí an tréchur ag Dugaí Ted Russell i Luimneach níos mó ná 600,000 tona don dara uair riamh. Ba é €1.945 milliún an brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla. De dheasca na míreanna eisceachtúla, a bhain le costais dlí den chuid is mó ó chostais socraithe agus chuíchóirithe, maille le costais airgeadais leanúnacha an easnaimh phinsin, bhí cailteanas thart faoi €599,000 ag an gCuideachta do 2007 atá inchurtha i leith an Scairshealbhóra. De dhroim roinnt coigeartuithe oibriúcháin tábhachtacha a cuireadh i bhfeidhm i 2007, is ábhar misnigh an €1.274M de bhrabús oibriúcháin atá tuartha do 2008 lena mbeidh brabús réamh-mheasta de €1.1M inchurtha i leith an Scairshealbhóra.

Rialachas Corparáideach:

Tá an chuideachta tiomanta don Chód Cleachtas maidir le rialachas comhlachtaí stáit. Cé go raibh an bord i gcomhlíonadh leis na hábhair thosaíochta atá leagtha amach sa chód i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2007, tá roinnt réimsí a bhfuil tuilleadh fócais agus airde de dhíth orthu d'fhonn ár gcomhlíonadh iomlán a chinntiú. Tá sé beartaithe againn na hábhair iarmharacha atá leagtha amach sa Chód a chur i bhfeidhm ina r-iomlán i 2008. Is í aidhm an Bhoird, trí bhainistíocht fheidhmeach, córas de rialúcháin airgeadais inmheánacha a oibriú a mhaolódh na príomhrioscaí airgeadais agus gnó agus a bheidh i gcomhlíonadh le treoirlínte an rialachais chorparáidigh. Déantar na córais rialúcháin seo a riaradh thar ceann an Bhoird ag an gCoiste Iniúchta. Rinneadh an Coiste Iniúchta a athdhéanamh i mí Dheireadh Fómhair 2007 faoi chathaoirleacht Daithí O'Neachtáin. I mí Iúil 2007 rinne an Bord feidhm an iniúchta inmheánaigh a fhoinsiú allamuigh go Deloitte. Choimisiúnaigh an bord tuarascáil chuimsitheach ó Deloitte ag díriú ar chomhlíonadh le rialachas corparáideach agus ar nósanna imeachta ag an gcuideachta. San áireamh leis an tuarascáil bhí Oiliúint um Rialachas Corparáideach, Cairt Iniúchta Inmheánaigh, Nósanna imeachta um Sholáthar, Nósanna imeachta chun Sócmhainní a Ghnóthú agus a Dhiúscairt, Cóid Iompair do Stiúrthóirí agus d'Fhostaithe, Téarmaí Tagartha don Choiste Iniúchta agus Plean Iniúchta Inmheánaigh. Ghlac bord na Cuideachta go hiomlán leis an tuarascáil seo agus tá na moltaí go léir curtha i bhfeidhm cheana féin nó á gcur i bhfeidhm. Tugann an córas de rialú inmheánach maille le hobair na bhfeidhmeannach, an iniúchta inmheánaigh agus an iniúchta sheachtraigh na dearbhuithe riachtanacha don Bhord maidir le seachaint earráidí, calaoise nó neamhrialtachtaí eile. Ina theannta sin tá na córais go léir faoi réir ag iniúchadh seachtrach. Fad agus atá na córais agus na nósanna imeachta seo i bhfeidhm, dearbhaím go bhfuil an Chuideachta i gcomhlíonadh le treoirlínte an rialachais chorparáidigh agus leis na cóid iompair a d'eisigh an roinn.

Éachtaí Suntasacha i 2007:

San áireamh le cuid de na héachtaí suntasacha i rith 2007 bhí:

- Feabhas suntasach ar an bhfeidhmíocht oibriúcháin ó bhliain go bliain lena r-áirítear brabúsacht ghlan á méadú faoi €1M ó bhliain go bliain maille le corrlach oibriúcháin méadaithe de 13.6%.
- Tugadh isteach an chéad lámhleabhar fostaithe SFPC riamh agus ghlac na ceardchumann leis agus tá beartais chomtháthaithe d'fhostaithe arna gcur i bhfeidhm go rathúil.
- Ullmhaíodh dréachtplean straitéiseach a chorpraíonn plean airgeadais 10 mbliana.
- Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an bpróiseas comhairliúcháin maidir le ceantar dugaí Luimnig
- Tugadh athbhreithniú féideartha maidir le cónascadh Chaladh na Fianaite chun críche
- Rinneadh infheistíocht i dteicneolaíocht chumarsáide ag tabhairt breisluacha dár gcustaiméirí, atá i bhfad níos fearr ná mar a thugann ár gcuid iomaitheoirí, ar nós uathoibriú an droichid mheáite maille le comhéadan gréasáin díreach ionas go bhfuil comhtháthú iomlán le córais rialúcháin stoc na gcustaiméirí indéanta.
- Cuireadh tairiscintí suntasacha gnó chun cinn, ar a n-áirítear Shannon LNG agus Atlantic Fuel Supplies Ltd, agus cuidíodh leo.
- Díriodh fócas méadaithe ar bhainistiú na sócmhainní pinsin.
- Cuireadh córas faisnéis bainistíochta feabhsaithe ar bun a dhéanann tuairisciú trí logaí loingseoireachta laethúla a dhéanamh ag rianú ach uile ní, lena r-áirítear feidhmíocht SFPC, feidhmíocht stibheadóra agus neamhéifeachtachtaí sa phróiseas ar an iomlán a aithint.

- Cuireadh roinnt tionscnamh laghdaithe costais i bhfeidhm as a dtagann coigiltis bhliantúla de €350,000 in aghaidh na bliana.
- Rinneadh ranníocaíocht de €900,000 ón gcuideachta a íoc isteach i scéim pinsin na bhfostaithe.

Infheistíocht Chaipitiúil:

B'ionann na breisithe caipitiúla is €2.9 milliún i rith 2007. Bhain €2.5 milliún leis an ollstóráil nua i bhFaing de réir mar a chuireann an Chuideachta feabhas ar na saoráidí d'fhonn freastal a dhéanamh ar riachtanais na gcustaiméirí. Sannadh tuilleadh cistí de €2.4m chun dreidire nua a cheannach. Tá an chuideachta i gcomhlíonadh leis na Treoirlínte chun Tograí an Chaiteachais Chaipitiúil a Mheasúnú agus a Bhainistiú.

Luach Saothair:

Tá an Chuideachta i gcomhlíonadh le treoirlínte an Rialtais maidir le táillí Stiúrthóirí a íoc agus le Beartas an Rialtais maidir le pá an Phríomhfheidhmeannaigh agus fhostaithe Comhlachta Stáit go léir

Comhlíonadh Reachtúil:

Go bhfios dom tá riachtanais reachtúla uile na cuideachta comhlíonta.

Forbairtí ó dheireadh na bliana:

Thosaigh an dreidire nua, "Shannon I", ar tógadh é don Chuideachta ag Damen Shipyards ag Gorinchen san Ísiltír ar chostas €2.4 milliún ag obair ar Inbhear na Sionainne. Beidh sé de chumas na Cuideachta mar gheall ar an ártach úrscothach seo na doimhneachtaí dreideálite ag Faing agus Luimneach a chothabháil agus san am céanna fónfaidh sé mar shoitheach cothabhála ilchuspóireach agus mar fhreastalán baoi.

Agus cur i bhfeidhm rathúil na bhfeabhsuithe oibriúcháin san áireamh, tá treo na réamhaisnéise maidir le brabús oibriúcháin do 2008 fós ag druidim le €2.5M lena mbeidh brabús réamh-mheasta de €1.1M inchurtha i leith an Scairshealbhóra i 2008.

Chomhaontaigh an fhoireann bhainistíochta socrú maidir le "Uaireanta Bliantúlaithe" agus cleachtais oibre fheabhsaithe a chur i bhfeidhm ag Port Fhaing agus mar gheall air sin tá am oscailte laethúil arna mhéadú go 06.00 – 24.00, 24/7 ar 364 lá in aghaidh na bliana agus dá réir sin tá táirgiúlacht agus aga slánúcháin s(h)untasach ann maidir le longa.

Tá sé beartaithe ag an gCuideachta agus ag Atlantic Fuel Supplies Ltd, úsáideoir de chuid an phoirt atá ina chuibhreannas, lena bhfuil Inver Energy Ltd, Blackshore Holdings Ltd agus East Cork Oil Ltd na Gaillimhe páirteach, a bhfuil Feirm Dabhcha Stórála Ola gur fiú €40M é á forbairt aige i bhFaing, an fiontar infheistíochta suntasach seo a sheoladh i mí Aibreáin/Bealtaine 2008. Is infheistíocht straitéiseach í seo a chuireann le socrú Inbhear na Sionainne mar rogha láithreach d'fhiontar chomhchosúla ar nós an tionscadail LNG i mBaile Longphoirt agus leis an bhféidearthacht go roghnófaí Faing mar láthair straitéiseach ag an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta. Léiríonn na tionscnaimh agus na deiseanna seo go soiléir an breisluach gur féidir le cuideachta an phoirt a thabhairt d'Éire ar bhonn náisiúnta agus ina theannta sin an infheistíocht a bhfuil géargrá léi a mhealladh go dtí an réigiún.

De dhroim na bhfeabhsuithe oibriúcháin a cuireadh i bhfeidhm agus an gnó nua dearfach atá ar na bacáin (lena n-áirítear Shannon LNG, Atlantic Fuel Supplies), táthar ag súil go méadóidh an tonnáiste faoi 40% agus táthar ag súil go méadófar an t-ioncam imeallach faoi mhéid idir €3M agus €6M faoi 2010.

Chuir an bord tús le próiseas earcaíochta chun post folamh an an POF a líonadh. Sílim go gcuirfeair ainm an iarrthóra rathúil faoi bhráid an Aire le haghaidh faofa faoi mhí Bhealtaine

An todhchaí:

Tá sé beartaithe ag an gCuideachta €3.9 milliún a infheistiú sa mhonarcha agus ar innealra i 2008.

I mí Dheireadh Fómhair 2006, chuir an Chuideachta tús le próiseas comhairliúcháin maidir le todhchaí Dhugaí Luimnigh, faoi chathaoirleacht Tomás O'Ciarda. Cuimsíonn an fóram comhairliúcháin ionadaithe ó na páirtithe leasmhara éagsúla lena n-áirítear Grúpa Úsáideoirí Phort Luimnigh, Comhairle Cathrach Luimnigh (feidhmeannaigh agus comhairleoirí), agus Forbairt na Sionna, bainistíocht agus fostaithe SFPC. Is léir go raibh an próiseas thar a bheith dearfach agus cuimsitheach. Tá tuarascáil an Chathaoirligh Neamhspleách, Tomás O'Ciarda, le cur faoi bhráid na cuideachta agus faoi bhráid Choiste Stiúrtha an Fhórait Chomhairliúcháin i mí Aitreán, 2008.

Ráiteas an Chathaoirleach (ar lean)

Agus na feabhsuithe oibriúcháin mar a leagadh amach i bhfeidhm agus gnó nua ar na bacáin, tá todhchaí gheal ag ar SFPC ag cur leis an ngeilleagar áitiúil agus réigiúnach agus í ina rannpháirtí suntasach maidir le forbairt straitéiseach ar an gcumas náisiúnta poirt agus maidir le tionscnaimh náisiúnta straitéiseacha ar nós na Gníomhaireachta Cúltacla Ola Náisiúnta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo choml-Stiúrthóirí as a n-obair leanúnach thar ceann na cuideachta le linn bliana crua. Cuirim fáilte roimh Daití O'Neachtáin, Eamon Mac Sheoinín agus Rita Nic an Oirchinnigh mar bhaill nua ar an mBord agus aithním le buíochas an obair atá déanta ag na hiarbhaill nach bhfuil ina Stiúrthóirí níos mó. Tha ceann an Bhoird ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann as a r-iarrachtaí agus a gcomhoibriú le linn 2007 maidir le tacaíocht a thabhairt don stiúrthóireacht arna chur ar fáil ag an mBord.

Ciarán Mac Suibhne
Cathaoirleach
Calaphort Comhlacht na Sionainne agus Fhainge
Aibreann 2008.

Comhlacht Calaphort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht cuideachta faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóth

Tuarascail Corparáideach Rialtais

Freagraíocht do Choras Smachta Airgeadais Inmhéanach

Thar cheann Bord na Stiúrthóirí do Chomhlacht Calafort na Sionainne agus Fhainge, adhmaíonn ár freagairt i gcóir córas éifeachtach do smachtú airgeadais inmheánach a choimeád agus é a bheith ag feidhiú.

Níl an córas in ann ach dearbhú reasúnta a thabhairt agus ní dearbhú iomlán go bhfuil a gcuid sochmhainí cosanta, idirbheart cinntithe agus taifead do na cuntais tógtha agus go mbeidh cosc le aon bhotún nó ac mírialtaí nó fiú iad a bhrath thar am.

Príomh Imeachtaí Smachta

Ta céimeanna tógtha ag an mbord l rith na mbliana chun cinntiú go mbeidh smacht timpeallachta tóg

- Ag sainmhiniú freagrachtaí an bhainistíoch
 - Coras a leagann amach chun ghníomhaíochtaí a fhaireachán agus sochmhainní na hgraíochta a chosaint;
 - Traenáil a chur ar fáil do na Stiúrthóirí an Bhoird nua agus láithreach, ar a bpáirt agus a gcuid freagrachtaí;
 - Comhcoiste Iniúchoireachta a bhunú agus cairt an Chomhcoiste Iniúchoireachta a glacadh ina leagf amach a bpáirt agus a gcuid freagrachtaí. Traenáil agus tacaíocht a chur ar fáil don Chomhcoiste Iniúchoireachta ar a bpáirt agus a gcuid freagrachta
 - Comhlíonadh an turascáil Corparáideach Rialtais lastigh den Comhlacht
 - Próiseanna a bhunú ar seans da tárloídh fiontar a aitheantáil le
-
- Nádúr na bpríomhríosaí gnó atá ag bagairt ar an eagraíocht a aithní
 - Measúnú a dhéanamh ar thionchar an ollríosa dá dtarlódh sé agus an seans atá ann go dtarlódh
 - Na rialacháin atá curtha i bhfeidhm chun ollríosa a mhaolú a aithní
 - Athmheasúnú a dhéanamh ar na ríosaí a thógtar ag cur san áireamh na rialacháin atá curtha i bhfeidhm le féachaint an bhfuil an bunríosa bainteach ar leibhéal atá inghlactha nó a d'fhéadfaí a láimhseáil
 - Duine a ainmniú a bheadh freagrach as déileáil leach ríosa a aithnítea
 - Straitéisí eile a aithint nuair is gá é sin chun príomhríosaí a bhainist
 - Athnuachan rialta agus nuashonrú a dhéanamh ar phróiseas a bhaineann le Ríosa C

Leanúint ar aghaidh ag deimhniú Caighdeán Dearbhaithe Cáilíochta ISO000

Tá an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh tugtha do dhream seachtrach. Maidir leis an bhfeidhm seo, is de réir C-Creatlaí um Shárchleachtais atá leagtha amach i gCód Cleachtais um Rialachas Eagraíochtaí Stáit a fheidhmíonn sí agus cuireann sí tuarascáil díreach chuig an gCoiste Iniúchta. Is ar bhunús na ríosaí atá a bagairt ar an gcuideachta a dhéantar an-iniúchadh inmheánach seo agus bunaítear na pleananna bliantúla haghaidh iniúchtaí inmheánacha ar an anailís seo. Déanann an Coiste Iniúchta na measúnaithe ríosa agus na pleananna le haghaidh iniúchtaí inmheánacha a cheadú. Cuireann an tIniúchtóir Inmheánach tuarascáil bhráid an Choiste Iniúchta uair amháin ar a laghad sa bhliain faoin iniúchadh inmheánach. Léiríonn tuarascáil tuairim an Iniúcháir ar dhóthaineacht agus éifeacht an chórais inmheánaigh um rialú airgeadais chomh fada is a bhaineann siad leis na réimsí sin a ndearnadh iniúchadh orth

Comhlacht Calafort na Sionainne agus Fhainge
(Comhlacht cuideachta faoi thorainn scaireanna) agus fochuideachta gnótha

Tuarascáil Corparáideach Rialtais (ar lean

Déanann an Bord monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeacht an chórais inmheánaigh um rialú airgeadais bhunús obair an iniúchóra inmheánaigh, obair an Chste Iniúchta a dhéanann maoirseoireacht ar an Iniúchad Inmheánach, ar obair an lucht bainistíochta laistigh den gComhlacht Calafort na Sionainne agus Fhainge : freagrach as forbairt agus cothabháil an chreatlaigh rialaithe airgeadais, agus ar thagaia dhéanann an tIniúcháir Seachtrach ina litir chucu mar bhainisteoir

Dearbhaím go ndearnadh athbhreithniú ar éifeacht an chórais inmheánaigh um rialú airgeadais ag deireadh bliana dar críoch 31 Nollaig 2007

Ciarán MacSuibhne
Cathaoirleach
Comhlacht Calafort na Sionainne agus Fhaing

Aibreann 2008

Comhlacht Calaphort na Sionainne agus Fhainge

(Comhlacht cuideachta faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóth

Athbhreithniú Gnó agus Feidhmiú

Cúis áthais dom a thuairisciú go bhfuil feabhas suntasach ar fheidhmíocht bhliain ar bhliain na Cuideachta fa mar a léirítear i réimse beartas agus a shíneann an bealach go léir ó ollbhrabús chomh fada le glanbhrabús, gur tharla go raibh laghdú ar láimhdeachas. Tharla an laghdú sin de bharr chinntí na Cuideachta (a) foins lasmuigh san earnáil phríobháideach úsáid le haghaidh gnó coimeádán agus (b) éirí as cuid de na gnótha stíbheadóra a raibh brabach ar-iseal ag dul leo. Cruthaíonn an méadú suntasach ar ollbhrabús go beagán cionn €4.4m (€3.6m i 2006) go mba chinntí cearta iad seo.

Cruthaíonn an tréchur a bhí os cionn 11 milliún tona i 2007 gur sinne an dara calafort is mó, ó thaobh tonáil sa tír agus gur acmhainn thábhachtach náisiúnta é inbhear na Sionainne. Fíric eile thacaíonn leis an stádas seo is ea an chaoi a ghintear 25% de leictreachas na hÉireann cois an inbhir agus ró-thábhachtach sa scéal sin ag na longa tráchtála lena lastaí móra. Maidir leis na calafoirt sin a mbainistíonn an Chuideachta iad díreach, níor iompraíodh an oiread sin tonáil trí Fhaing riamh is a iompraíodh i mbliana agus bhí an dara bliain t ghnóthaí ag Luimneach ó bhunaigh na Lochlannaigh é. Ní féidir béim ró láidir a leagan ar thábhacht na gcala seo, rud a chruthaítear leis an meascán ábhar a bhíonn á dtáirgeadh acu, ó ábhair thógála agus talmhaíochta a breosla agus turasóireacht.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gCuideachta ó thaobh oibriúcháin de agus méadú 110% ar mbrabús oibriúcháin ó €900k i 2006 go €1.9m i 2007. Nícr tháinig an méadú seo ar an ollbhrabús de bhar bainistiú dúshlánach a dhéanamh ar a sreabha ioncaim amháin ach trí dhírú ar athbhreithnithe ar struch chostais agus trí athruithe a chur i bhfeidhm gach áit a d'fhéadfaí iad a dhéanamh chun breis éifchtachta a chur chun cinn. Tá a dul chun cinn déanta againn chun foireann oibre níos solúbtha agus comhtháite a bhe againn agus bíonn i bhfad níos lú seirbhíscmhionanna ar siúl anois go mór mór i gcás cúrsaí cothabhála agus rudaí a bhaineann leo. Tá an chuideachta eagraithe ar bhealach i bhfad níos éifeachtaí anois de bharr díriú a chúrsaí ioncaim agus costais agus tá méadú substaintiúil de 10% tagtha ar an gcorrlach oibriúcháin.

Tá méadú tagtha ar ár gcostais airgeadais de bharr na hinfheistíochta leanúnaí atá á dhéanamh againn sa ghn ar nós an infheistiú caipitil de €2.9m a rinneamar sna príomh-thrádstórais le linn 2007. Rinneamar fálú ar na rátaí úis trí rátaí socruithe a ghlacadh agus d'éirigh linn cuid mhaith de na méaduithe a rinneadhna rátaí úis i 2007 a sheachaint.

Cé gur cúis díomá dúinn gur cailteanas €1.274k atá ar an mbunlíne againn bhí an scéal amhlaidh de bhe costais eisceachtúla a bhí againn (nóta 3 do na ráitís airgeadais). Tá gach dóchas againn go mbeidh brabús againn i 2008 in ainneoin na dtuartha gruama atá á ndéanamh agus an Institiúid um Thaighde Eacnamaíocht agus Sóisialta a bheith ag ísliú an tuar faoi fás eacnamaíochta go 1.6%. Gné dearfa amháin sa phictiúr guarr eacnamaíochta reatha is ea an chaoi atá ag éirgo breá leis an earnáil talmhaíochta. Cuid shuntasach dár ngn is ea na hallmhairí a bhaineann le talmhaíocht agus ar an ábhar sin beidh cosaint éigin againn ar an moilliú se mheastar a bheith ag teacht.

Comhlacht Calaphort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht cuideachta faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóth

Athbhreithniú Gnó agus Feidhmiú (ar lean)

Infheistiú Caipit

Tá an Chuideachta tiomanta d'infheistiú a dhéanamh don am amach roimpi agus is sampla de sin €7m a caitheadh ar thrádstórais agus cúrsaí crann tógála. Tá clár infheistíochta caipitil ag an gCuideachta don bhliain 2008 agus glacadh leis an ndreidire nua *Shannon 1*, le deireanas.

Soitheach ilchuspóir í seo agus is é an príomhbhúala atá aici ná gur féidir léi dreidil a dhéanamh i bhfad níos minice, rud a chiallaíonn go gcuirfear níos lú srianta doimhneachta ar an longa agus go mbeidh seirbhís níos fearr ag ár gcustaiméirí. Má chuirtear é sin leis an gcaiteachas caipitil atá leagtha amach sa bhuiséad haghaidh 2008 is léir go mbeidh thart faoi €9m infheistithe ag an gCuideachta sna trí bliana ó 2006 go 2008. Meastar go leanfaidh an fás orgánach ar aghaidh, agus ó tá gnóthaí nua beartaithe, táimid ag súil le méadú mór a dhéanamh ar bhonneagar na gcéanna cuíosach ath amach anseo agus go mbeidh infheistiú níos mó fós ag teastáil ná mar a rinneadh sa tréimhse ó 2006 go 2008.

Leachtacht agus Fiachas

Is léir go bhfuil fiachas breise orainn de bharr ár gclár uailmhianach caipitil. Ní mór a thabhairt faoi deara go ndearnadh measúnú criticiúil ar gach infheistiú den sórt faoi réir na dtreoirínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais faoi rialachas na gcomhlachtaí leathstáit. Táimid ag feidhmiú fós laistigh de na leibhéil sin a mheastar a bheith optamach agus faoi mar a luadh cheana táimid slán ó athruithe sna rátaí úis toisc go bhfuil méid suntasach de bhfiachas ar rátaí socraithe agus ní baol dúinn na rátaí luaineacha atá ann faoi láthair. Táimid sásta go bhfuil leibhéil fiachais agus ár socruithe maidir le caipiteal ibre ar leibhéil a chuireann ar ár gcumas beart a dhéanamh le cur go héifeachtach le fás an ghnó amach anseo. Lena chois sin ó tá breis éifeachta againn (rud a léirítear san méadú 10% ar ár gcorrlach oibriúcháin) tá méadú €1.5m go €2.2m ar an airgead afhaighimid ónár r-oibriúcháin. Tá gach dóchas againn go gcuirfidh leis an sreabhadh airgid ó chúrsaí oibriúcháin i rith 2008 agus go gcuirfidh sé sin go mór le hinbhuanaitheacht an ghnó amach anseo.

An bhliain atá romhainn

Tá an riachtanas sainithe maidir le maoiniú ina dhúshlán i gcónaí ag an gCuideachta agus chuireamar cóngras don €900k, nó beagnach 7% den láimhdeachas, ar fáil i 2007 le haghaidh maoiniú. Tá moltaí maidir le maoiniú gceapadh ag an gCuideachta le dul i ngleic leis an easnamh de thart faoi €11m maidir le cúrsaí pinsean agus tá súil againn go gcuirfear i bhfeidhm ad sin roimh dheireadh na dara ráithe de 2008. Táthar ag súil leas a bhaint as sócmhainní neamhlárnacha nach gcuireann ranníocaíochtaí ar fáil le cabhrú chun an easnamh seo a leigheas, ach nuair a chuirtear na tuairimí atá ann faoi láthair maidir leis na margadh réadmhaoine san áireamh ba chóir cead againn gan cloí leis an ngnáth théarma maoinithe trí bliana chun go mbeidh an luach is fearr ag scairshealbhóirí.

Is mian leis an gCuideachta laghdú a dhéanamh ar sheal fuirigh na longa agus bheadh seo ar cheann de na hathruithe is suntasaí ó thaobh buntáiste iomaíochta. Ar an ábhar sin is cúis mhór áthais dúinn a fhógairt go gcuirfear go har-mhór leis na hamanna oscailte ag críochfort Fhainge ag tosú ar 1 Márta 2008. Beidh a críochfort oscailte feasta le haghaidh obair thráchtála óna 6 ar maidin go meán oíche lá na seachtaine 364 lá i bliana, agus rud níos tábhachtaí fós, d'éirigh linn an sprioc seo a bhaint amach gan táillí níos airde a ghearra ar ár gcustaiméirí. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo siúd go léir a raibh páirt acu san idirbheartaíocht rathúil a rinneadh faoi. Tá muid cinnte go mbeidh ár gcustaiméirí in ann tairbhe a bhaint as go tapa ó thaoil costais loingseoireachta níos ísle a bheith acu agus go bhfeicfidh siad gurb é againn atá ceann de na calafoirt is éifeachtaí ó thaobh bulclastaí de sa tír.

Comhlacht Calafort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht cuideachta faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóth

Athbhreithniú Gnó agus Feidhmiú (ar lean)

Leanfaimid ar aghaidh ag iarraidh luach breise a chur ar fáil dár gcustaiméirí agus glacaimid go fonnmhar teicneolaíocht nua chuige sin. Sampla den teicneolaíocht sin is ea an infheistiú i dTF atá déanta againn Luimneach. Cuireann sí seo córas lá-uathoibríoch rialaithe stoic ar fáil mar aon le comhéadan idirlíne. Tá cumhachtaí an-sláintiúil ar na réam-mheastacháin faoin méid tonaí a sheolfar tríd an inbhear agus tacaíonn tionscadal spreagúla ar nós an críochfort gáis de chuid Shannon LNG atá á bheartú do héal Átha Longfoirt agus an críochfort ola de chuid Atlantic Fuel Supplies ag Faing leis na meastacháin sin. Tá dul chun cinn breá déantúsaíochtaí thaobh cúrsaí pleanála de maidir leis an gcéad cheann agus táthar ullamh chun tosú ag tógáil an dara ceathair.

Comhshaol

Tá roinnt rialaithe curtha i bhfeidhm ag an gCuideachta le cinntiú go leanfar an cleachtas is fearr. Baineann sí sin le rudaí mar srianta oibriúcháin le linn drochaimsire, infheistiú i ngléasra éifeachtach agus acmhainní airgid agus daonna a chu ar fáil d'fhoireann freagartha doirte ola inbhear na Sionainne agus roinnt mhaith eile. Tugann aonad freagartha truaillithe an Inbhir, SEAPT Ltd ag leanúint ar aghaidh ag infheistiú i dtrealamh agus oiliúnaí lena r-áirítear cleachtais oiliúna a dhéanamh i comhar leis na gardaí cósta agus le húdarais bhainteacha eile Bíonn lucht bainistíochta i mbun athbhreithnithe i gcónaí le cinntiú go laghdófar an tionchar atá ag modh oibre Cuideachta ar an gcomhshaol.

Focal buíochais

Ba mhaith liom buíochas ó choí a ghabháil lenár bhfostaithe go léir as ucht a ndianoibre agus a ndúthracht gcaitheamh na bliana. Tá céim sroichte againn anois inar féidir linn a bheith a súil go mbeidh rath agus bláth an gCuideachta san am atá le teacht agus tharla sé seo dochuid is mó de bharr a r-iarrachtaí, a gcomhoibre agus a toilteanaí is a bhíodar glacadh le hathruithe ar mhaithe leis an gCuideacht.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Uasal Ciaran MacSuibhne agus na Stiúrthóirí go léir as treoir agus cúnann a thabhairt dom agus don lucht bainistíochta i rith na bliana. Gabhaim buíochas freisin leis i bhfoireann i Rannóg Iompair Mara de chuid na Ranna Iompair as a gcabhair i rith na bliain.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil lenár gcustaiméirí go léir agus táim ag súil go mór lena dtacaíocht sna blianta atá romhainn.

P. ó'Céitinn
Ard Stiúrthóir Sealadach
Comhlacht Calafort na Sionainne agus Fhainge
Aibreann 2008

Comhlacht Calafort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht cuideachta faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóth

Tuairisc Neamhspleach an Iniúcháir

Tuairisc neamhspleach an iniúcháir do baill Comhlacht Calafort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht cuideachta faoi theorainn scaireanna) agus a fochuideachta ghnóthas

Tá iniúchain déanta againn ar na Ráitéis Airgeadais do Chomhlacht Calafort na Sionainne agus Fhainge Teorainn don bliain dár gcrioch 31 Nollag 2007 ar leathanachaí 17 go dtí 36 atá ullmhaithe faoi an comhdháil costais stairiúil agus an polasaí cuntasáiochta atá leagtha amach ar leathanachaí 15 go dtí 1

Tá an tuairisc seo déanta do scairsealbhóirí an chomhlachta amháin, mar aon le Rannóg 193 do Acht na Comhlachtaí, 1990. Tá an obair iniúcháin déanta sa chaoi gur féidir linn ríocht a thabhairt do scairsealbhóirí na comhlachta na t-abhair ina bhfuil gá dúinn ríocht a thabhairt ar an tuairisc iniúcháir agus ní le aon cúis eile. Cé go bhfuil ceann scribe an dlí, níl muid freagracht do aon duine ach amháin an comhlacht agus scairsealbhóirí an chomhlachta mar aonad, as áiríobair iniúcháireachta, don tuairisc seo, no aon barúil atá cruthaigh agai

Dualgasá na Stiúrtóirí agus Iniúcháirí faoi sear

Mar atá ráite i Dualgasá Ráitís na Stiúrtóirí ar leathanach 3 tá stiúrtóirí na comhlachta freagrach as ucht ullmhacháin na Ráitís Airgeadais i gcomhréireacht an dlí cóir agus caighdeán cuntasáiochta na hÉire

Sé ár ndualgas ná iniúcháin a dhéanadh ar na ráitéis airgeadais i gcomhréireacht leis an dlí cóir agus riachtanasá agus caighdeán cuí iniúcháin at leagtha síos ag an mBord Iniúcháin Cleachtaí i nÉireann agus Sasana.

Cuireann muid tuairisc ar fáil duit in ár dtuairim go bhfuil na ráitéis airgeadais ag tabhairt pictiúr ceart agus cuí agus go bhfuil siad ullmhaithe i gceart agus gcomhréireacht le Acht na Comhlachtaí. Tugann muid tuairisc freisin inár dtuairim má choinnigh an comhlacht leabhrá cuntais i gceart, má bhí cás airgeadais ag dáta an c comhardaithe ina gcaithfidh an comhlacht glaoch ar chruinniú ginearalta neamhach agus ma ta an -eolais i Tuairisc na Stiúrtóirí mar a chéile leis na ráitéis airgeadais. Chomh maith le sin, tugann muid le rá má tá e-eolais agus na miniúchain uile faighte againn don iniúchain agus má tá clár comhardaithe an comhlachta agus cuntas ar brabús agus cailteanas mar a cheile le na leabhrá cunta

Cuireann muid tuairisc ar fáil do na scairsealbhóirí, inár dtuairim má ta aon eolas nach bhfuil tugtha mar gheall ar luach saothair na stiúrtóirí agus idirbheart na stiúrtóirí atáachtanach de réir dlí agus má tá se practiúil an eolas seo á cuir san áireamh inár dtuairisc

Léigh muid Tuairisc na Stiúrtóirí agus deanann muid machnamh ar aon ní inár dtuairisc ma thagann muid ar n-eolais faoi aon ráitéis atá as bealach ann. Ní muid freagracht as aon eolas eile

Bun tuairim an iniúcháir

Rinneadh muid treoir ar an iniúchain i gcomhréir leis an caighdeán iniúchain atá isithe ag an Bord Cleachta Iniúcháin. Cuireann an iniúchain san áireamh scrúdú, ar buan triail, ar fianaisatá cuí don mhéid agus do na nochtacháin sna ráitéis airgeadais. Tugann se san áireamh freisin na meastacháin tromchiallach cáinmhe agus breithiúnais atá déanta ag na stiúrtóirí i réiteach na ráitéis airgeadais, agus má tá na polos cuntasáiochta cuído chursaí an chomhlachta, cuireadh i bhfeidhm comhsheasmhacht agus nochtadh sáiríoriúnach.

Leag muid amach agus chomhlíon muid an iniúchain leis ar-eolais agus na miniúchain ar fad a cheap muid a bhi riachtanach dúinn chun i ndóthain fianaise a fháilhun cinntiú dúinn go raibh na ráitéis airgeadais saor a abhar mí-ráitéis, más le cuis calaois nó aon ábhar neamhrialta nó le botún. Ag tabhairt ar dtuairimí rinneadh muid meastóireacht ar an sách oiriúnach iomlán i leagann amach ar-eolais sna ráitéis airgeadais.

Comhlacht Calaphort na Sionainne agus Fhainge
(Comhlacht cuideachta faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóth

Tuairisc Neamhspleach an Iniúcháin (ar lean)

Tuairim

Inár dtuairim tugann na ráitis airgeadais radharc cóir agus or i ngothaí an chomhlacht agus an ghrúpa ar an 3 Nollag 2006 agus an brabús agus ráiteas faoi shreabhadh airgid an ghrúpa don bhliain atá críochnaithe agus a leagtha amach de réir Acht na Comhlachtaí 1966– 2005 agus an Pobail Eorpach (Comhlachtaí Grúpa Contasaí) Rialacháin 1992

